Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8227/26**

**ENV 356**
**WTO 52**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 14 Aibreán 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2026) 113332 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle chun leasuithe a léiriú ar an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) a glacadh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe agus leasuithe eile arna gcomhaontú ag an nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D113332/3.

Faoi iamh: D113332/3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D113332/3
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle chun leasuithe a léiriú ar an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) a glacadh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe agus leasuithe eile arna gcomhaontú ag an nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle chun leasuithe a léiriú ar an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) a glacadh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe agus leasuithe eile arna gcomhaontú ag an nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil[1], agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, rialaítear trádáil i speicis ainmhithe agus plandaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. I measc na speiceas a liostaítear san Iarscríbhinn sin, tá na speicis a leagtar amach sna Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol ('an Coinbhinsiún') chomh maith le speicis a bhfuil stádas caomhantais acu lena gceanglaítear go ndéantar trádáil ón Aontas, isteach san Aontas agus laistigh den Aontas a rialáil nó go ndéantar faireachán ar an trádáil sin.

(2) Ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, a eagraíodh in Samarkand, an Úisbéiceastáin, idir an 24 agus an 5 Nollaig 2025 (CoP20), rinneadh leasuithe ar [na Foscríbhinní] a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ba cheart na leasuithe sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

(3) Cuireadh na speicis seo a leanas san áireamh i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a bheith san áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: *Okapia johnstoni, Sporophila maximiliani, Caribicus warreni, Bitis harenna, Bitis parviocula,* agus *Jubaea chilensis*.

(4) Aistríodh na tacsóin seo a leanas as Foscríbhinn II go Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a scriosadh ó Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus a chur san áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán sin: *Amblyrhynchus cristatus*, *Conolophus* spp., *Mobula* spp. (le cur san áireamh in Iarscríbhinn A mar *Mobulidae* spp.), *Rhincodon typus, Cercocebus chrysogaster*, cumhdaithe faoi láthair sa tacsón lena mbaineann leibhéal níos airde i.e. Príomhaigh spp. in Iarscríbhinn B, *Gyps africanus* agus *Gyps rueppelli,* cumhdaithe faoi láthair sa tacsón lena mbaineann leibhéal níos airde i.e. Éin Chreiche Laethúla spp. in Iarscríbhinn B, *Kinixys homeana*, cumhdaithe faoi láthair sa tacsón lena mbaineann leibhéal níos airde i.e. Tortaraigh spp. in Iarscríbhinn B, *Carcharhinus longimanus,* cumhdaithe faoi láthair sa liostú lena mbaineann leibhéal níos airde i.e. Carcairinidigh spp. in Iarscríbhinn B, *Euphorbia bupleurifolia*, cumhdaithe faoi láthair sa tacsón lena mbaineann leibhéal níos airde i.e. *Euphorbia* spp. in Iarscríbhinn B, agus *Avonia*

[1] IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

*quinaria*, cumhdaithe faoi láthair sa tacsón lena mbaineann leibhéal níos airde i.e. *Avonia* spp. in Iarscríbhinn B (le háireamh in Iarscríbhinn A mar *Anacampseros quinaria*).

(5) Aistríodh na tacsóin seo a leanas as Foscríbhinn I go Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a scriosadh as Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus san áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán sin: *Arctocephalus townsendi* (le háireamh in Iarscríbhinn B faoin liostú le haghaidh *Arctocephalus* spp.) agus *Podocarpus parlatorei* (le nóta mínithe).

(6) Cuireadh na tacsóin seo a leanas san áireamh i bhFoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart iad a bheith san áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: *Gazella dorcas, Hyaena hyaena, Choloepus hoffmanni, Choloepus didactylus, Bycanistes* spp., *Ceratogymna* spp., *Sporophila angolensis, Sporophila atrirostris, Sporophila crassirostris, Sporophila funerea, Sporophila nuttingi, Phyllurus amnicola, Phyllurus caudiannulatus, Pelophylax epeiroticus* (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Pelophylax lessonae* (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Pelophylax ridibundus* (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Pelophylax shqipericus* (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Galeorhinus galeus* (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Mustelus* spp. (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Centrophoridae* spp. (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Holothuria lessoni* (agus moill leis an gcur chun feidhme), *Grammostola rosea, Commiphora wightii* (le nóta mínithe nua #19). Foráiltear le leasuithe áirithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le teacht i bhfeidhm moillithe de réir chinneadh Chomhdháil na bPáirtithe, chun go mbeidh na Páirtithe in ann ullmhú dá gcur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart na tacsóin sin a áireamh in Iarscríbhinn B leis na dátaí cur i bhfeidhm iarchurtha céanna.

(7) Cuireadh na tacsóin seo a leanas san áireamh i bhFoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ach cumhdaítear iad sa tacsón atá ann cheana lena mbaineann leibhéal níos airde in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: Cuireadh *Beaucarnea hookeri* agus *Beaucarnea glassiana* san áireamh i liostú an ghéinis *Beaucarnea* spp., agus cuireadh *Aloe bergeriana, Aloe jeppeae*, *Aloe subspicata* agus *Aloe welwitschii* san áireamh sa liostú le haghaidh *Aloe* spp.

(8) Scriosadh an speiceas seo a leanas ó Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart nóta mínithe a léiríonn go bhfuil sé eisiata ó Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a chur leis an liostú le haghaidh *Neomonachus* spp.: *Neomonachus [Monachus] tropicalis*.

(9) Scriosadh an tacsón seo a leanas ó Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ba cheart é a scriosadh ó Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: *Damaliscus pygargus pygargus.*

(10) Na tacsóin seo a leanas, a bhí liostaithe in bhFoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 go dtí seo, ba cheart iad a scriosadh ón Iarscríbhinn i ndiaidh iad a chur san áireamh i bhFoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ag CoP20: *Gazella dorcas*, *Hyaena hyaena*. Tar éis *Phyllurus amnicola* agus *Phyllurus caudiannulatus* a áireamh i bhFoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ba cheart nóta mínithe a chur leis ina léirítear eisiamh na dtacsón sin ó liostú *Phyllurus* spp. in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

(11) Leasaíodh roinn na léirmhínithe sna Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, agus glacadh nó leasaíodh roinnt anótálacha a bhaineann le roinnt tacsóin atá san áireamh sna Foscríbhinní sin a glacadh nó a leasaíodh ag CoP20, rud is gá a léiriú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

(12) Go sonrach, cuireadh na hanótálacha seo a leanas san áireamh sna Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún:

– Nóta mínithe le haghaidh *Glaucostegus* spp.;

– Nóta mínithe le haghaidh *Rhinidae* spp.;

– Nóta mínithe le haghaidh *Commiphora wightii*;

– Nóta mínithe le haghaidh *Podocarpus parlatorei*.

(13) Thairis sin, leasaíodh na nótaí mínithe seo a leanas sna Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún:

– An nóta mínithe le haghaidh *Saiga tatarica* (líon na Casacstáine);

– Nóta mínithe A11 le haghaidh *Loxodonta africana* (líonta na Botsuáine, na Namaibe, na hAfraice Theas, na Siombáibe);

– An nóta mínithe #4;

– An nóta mínithe #10 le haghaidh *Paubrasilia echinata.*

(14) Dá bhrí sin is gá nóta 12 de na nótaí maidir le léirmhíniú Iarscríbhinní A, B, C agus D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a leasú chun na hathruithe a glacadh ag CoP20 a léiriú.

(15) Maidir leis an nóta mínithe le haghaidh *Saiga tatarica* (líon na Casacstáine), baineann eilimintí áirithe atá sa téacs a glacadh faoin gCoinbhinsiún leis an athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thrádáil agus le togra athbhreithnithe a d'fhéadfaí a thíolacadh ag cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe amach anseo. Ós rud é nach rialacha iad lena rialaítear trádáil na heilimintí sin, níor cheart iad a léiriú mar choinníollacha oibríochtúla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

(16) Maidir le nóta mínithe A11 le haghaidh *Loxodonta africana* (líonta na Botsuáine, na Namaibe, na hAfraice Theas agus na Siombáibe), tugadh foclaíocht an nóta tábla chomhfhreagraigh cothrom le dáta chun na leasuithe a glacadh faoin gCoinbhinsiún a léiriú. Go háirithe, baineadh forálacha áirithe a bhí sa leagan roimhe seo den nóta mínithe sin maidir le trádáil in eabhar amh tar éis na leasuithe a glacadh faoin gCoinbhinsiún. Ba cheart, dá bhrí sin, an nóta tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a ailíniú dá réir sin.

(17) Rinneadh nóta mínithe #10 le haghaidh *Paubrasilia echinata* a oiriúnú, i gcás inar gá, chun comhleanúnachas a áirithiú leis an sainmhíniú ar 'trádáil' de réir bhrí Airteagal 1(c) faoin gCoinbhinsiún, agus é á chur san áireamh gur Páirtí aonair sa Choinbhinsiún é an tAontas.

(18) Níor chuir an tAontas forchoimeádas isteach i leith aon cheann de na leasuithe sin.

(19) Ag CoP20, glacadh tagairtí ainmníochta nua le haghaidh ainmhithe agus plandaí. Mar thoradh air sin, is gá ainmneacha na speiceas agus na bhfospeiceas seo a leanas a athrú: *Leucopternis occidentalis, Elachistodon westermanni, Chelus fimbriatus, Aloe compressa* var. *rugosquamosa, Aloe pillansii, Aloe suzannae, Nardostachys grandiflora*. Is gá freisin ainm na fine *Myliobatidae*, agus socrúchán an ghéinis

*Anacampseros* (lena n-áirítear *Avonia* spp.) a athrú ón bhfine *Portulacaceae* go *Anacampserotaceae*.

(20) Cuireadh na tacsóin seo a leanas san áireamh i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ngeall ar athruithe ainmníochta agus ba cheart iad a bheith san áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin: *Ailurus styani*, *Neomonachus* spp. Cuireadh na tacsóin a leanas san áireamh freisin i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ach cumhdaítear iad sa tacsón lena mbaineann leibhéal níos airde in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: Áiríodh *Loxodonta cyclotis* i liostú an ghéinis *Loxodonta* spp., agus áiríodh *Balaenoptera ricei* i liostú na fine *Cetacea*.

(21) Cuireadh na speicis agus na géinis seo a leanas san áireamh i bhFoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ngeall ar athruithe ainmníochta agus ba cheart iad a bheith san áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin: *Budorcas tibetana, Cachryx* spp*., Chelus orinocensis, Aloiampelos* spp. (le nóta mínithe #4), *Aloidendron* spp. (le nóta mínithe #4), *Aristaloe* spp. (le nóta mínithe #4), *Gonialoe* spp. (le nóta mínithe #4), *Kumara* spp. (le nóta mínithe #4).

(22) Scriosadh na speicis seo a leanas as Foscríbhinn II i ngeall ar athruithe ainmníochta agus ba cheart iad a scriosadh ó Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin: *Avonia* spp. (ós rud go ndearnadh comhchiallaigh de *Avonia* agus *Anacampseros*).

(23) Cuireadh na tacsóin seo a leanas san áireamh i bhFoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ó foilsíodh na hIarscríbhinní deireanacha a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: *Ailuronyx* spp. arna iarraidh sin do na Séiséil, agus *Gallotia* spp. (seachas *G. simonyi,* atá liostaithe cheana in Iarscríbhinn A) arna iarraidh sin don Aontas Eorpach. Ina theannta sin, cuireadh na tacsóin seo a leanas san áireamh i bhFoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i ngeall ar athruithe ainmníochta: *Pleurocorallium elatius*, *Pleurocorallium konojoi* agus *Pleurocorallium secundum*. Ba cheart na tacsóin sin a chur san áireamh in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 dá bhrí sin.

(24) Ba cheart na tacsóin seo a leanas, a bhí liostaithe in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 go dtí seo, a bhaint den Iarscríbhinn sin i ndiaidh iad a scriosadh ó Fhoscríbhinn III i mí Feabhra 2025: *Mauremys iversoni*, *Mauremys megalocephala*, *Mauremys pritchardi*, *Ocadia glyphistoma*, *Ocadia philippeni*, agus *Sacalia pseudocellata.* Ina theannta sin, scriosadh na tacsóin seo a leanas ó Fhoscríbhinn III i ngeall ar athruithe ainmníochta agus dá bhrí sin ba cheart iad a scriosadh ó Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97: *Corallium elatius*, *Corallium konjoi*, agus *Corallium secundum*.

(25) Ba cheart *Othonna clavifolia*, a bhí liostaithe go dtí seo in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, a bhaint den Iarscríbhinn sin; aithníodh é a bheith ina chomhchiallach le *Crassothonna clavifolia*, a áiríodh i bhFoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún arna iarraidh sin don Afraic Theas an 23/2/2023 agus in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 an 20/5/2023. Ina theannta sin, ba cheart litriú *Adenia pechuelli* in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a cheartú go *Adenia pechuelii.*

(26) Chun léirmhíniú comhsheasmhach na sainmhínithe a thagraíonn do chóid an Chórais Chomhchuibhithe i bpointe 13 den roinn 'Nótaí maidir le léirmhíniú Iarscríbhinní A, B, C agus D' a áirithiú, ba cheart nóta a chur isteach ina soiléirítear go mbaineann tagairtí

do chóid an Chórais Chomhchuibhithe le teanga na sainmhínithe a thugtar isteach sa Rialachán seo agus ní leis na cóid féin. Léirítear leis an soiléiriú sin an cur chuige a glacadh sa roinn léirmhínithe de na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus i Rún Comhdhála 10.13 (Athbhreithniú CoP18) maidir le Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin maidir le speicis crann, agus is é is aidhm dó débhríocht a sheachaint i gcás athbhreithnithe ar na cóid sin amach anseo.

(27) Is é conclúid an Ghrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta gur cheart *Gekko badenii, Crotalus* spp., *Sistrurus* spp., *Carcinoscorpius rotundicauda, Limulus polyphemus, Tachypleus gigas,* agus *Tachypleus tridentatus* a chur san áireamh in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97*,* gur cheart *Santalum album* a chur san áireamh in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus nóta mínithe §4 ag gabháil leis, agus gur cheart *Anthoshorea* spp., *Doona* spp., *Neohopea* spp*., Pentacme* spp., *Richetia* spp., *Rubroshorea* spp., *Shorea* spp. agus *Entandrophragma* spp. a chur san áireamh in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus nóta mínithe §5 ag gabháil leo.

(28) Tháinig an Grúpa Athbhreithnithe Eolaíochta ar an gconclúid freisin gur cheart an nóta mínithe san fhonóta a bhaint a ghabhann le liostú *Tillandsia xerographica* in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97lena dteorannaítear trádáil eiseamal lena mbaineann cód foinse A d'eiseamail ina bhfuil cataifillí.

(29) I bhfianaise líon na leasuithe is gá a dhéanamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, is iomchuí, ar mhaithe le soiléireacht, an Iarscríbhinn iomlán sin ionadú.

(30) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a leasú dá réir sin.

(31) I gcomhréir le hAirteagal XV.1(c) den Choinbhinsiún, tá na leasuithe a ghlactar ag cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe le teacht i bhfeidhm 90 lá i ndiaidh an chruinnithe sin i gcás gach Páirtí. Chun teacht i bhfeidhm tráthúil na n-athruithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a áirithiú, ba cheart teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith ar an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe.

(32) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Thrádáil i bhFána agus i bhFlóra Fiáine arna mbunú de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 338/97,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*